Meitheamh, 2025
Eisiúint4 - 2024-2025

NUACHTLITIR THREORACH OIDE

Cleachtas Treorach Cuimsitheach, Dírithe ar an Todhchaí a Chumhachtú

Agus muid ag tarraingt ar laethanta saoire an tsamhraidh, san eagrán seo de Nuachtlitir Threorach Oide gheobhaidh tú bailiúchán léargas, uirlisí praiticiúla, agus scéalta inspioráideacha chun cabhrú le do chuid oibre - cibé acu atá tú ag glacadh ama chun machnamh, athbhreithniú a dhéanamh nó tosú ag pleanáil don bhliain amach romhainn. Caitheann muid solas ar Ghnó i bPobal na hÉireann (BITCI), a gcuidíonn a gcláir scoile – ó Léargais Tionscail do Mhúinteoirí go Bainistíocht Barr Feabhais do Phríomhoidí – leis an mbearna idir oideachas agus saol na hoibre a dhúnadh.

Nascann ár ngné IS i Scoileanna, le hobair Theicneolaíocht san Oideachas Oide, ag tabhairt isteach an Chreata RIST i gcomhair innealtóireacht leide le IS Giniúnach, lena n-áirítear sampla praiticiúil a cuireadh in oiriúint do Threoirchomhairleoirí.

Tá ríméad orainn freisin ionchur a roinnt ó Des Aston ag Ionad na Tríonóide do Dhaoine faoi Mhíchumas Intleachtúil, ag cur béim ar an gclár claochlaitheach sna hEalaíona, Eolaíocht agus Cleachtas Cuimsitheach Feidhmeach, ina gcumasctar oideachas cuimsitheach le taithí oibre sa saol fíor.

Ag deireadh na scoilbhliana, gabhaimid buíochas ó chroí agus guímid gach rath ar na Treoirchomhairleoirí agus ar fhoirne Treorach na Scoile Uile ar fud na tíre. Go raibh scíth agus sos agaibh i míonna an tsamhraidhagus inspioráid nua agaibh don bhliain amach romhainn.

Le gach dea-ghuí,
Foireann Treorach Oide
Éidín Gallagher, Joanne Parry, Sinéad Duffy, agus Marie Cumiskey

Is mian leis an Aonad Treorach sa Roinn Oideachais agus Óige buíochas a ghabháil le gach duine a ghlac páirt sa chomhairliúchán náisiúnta ar threoir iar-bhunscoile. Bhí rannpháirtíocht an-fholláin sa chomhairliúchán seo agus tá tús curtha le hanailís ar na sonraí. Tá an comhairliúchán seo mar chuid de thaighde níos leithne atá á dhéanamh ar éifeachtacht an mhúnla leithdháilte treorach agus cuirfidh sé bonn eolais faoi chuid mhór den obair bheartais atá ar bun ag an Aonad Treorach agus ag an Roinn sa ghearrthéarma.

BUSINESS IN THE COMMUNITY IRELAND

I mbliana, tá Gnó i bPobal na hÉireann (BITCI), ceannairí inbhuanaitheachta agus cuimsiú sóisialta, ag comóradh 25 bliain. Is fada muid ag seachadadh clár go rathúil do scoileanna DEIS ar bhonn comhpháirtíocht fhadtéarmach idir gnólachtaí agus scoileanna sa phobal áitiúil.

Soláthraíonn na cláir againn deis luachmhar agus tionchair saorálaíochta d'fhostaithe cuideachta agus cuireann siad comhpháirtí gnó ar fáil don scoil chomh maith le tacaíocht do scoláirí i réimsí éagsúla lena n-áirítear litearthacht agus uimhearthacht ag an mbunleibhéal agus tacaíochtaí maidir le scileanna, gairmeacha sa todhchaí, léargais ar ionaid oibre agus ar phoist agus taithí oibre do scoláirí iar-bhunscoile. Mar chuid den 11 chlár oideachais ar fud an bhunoideachais, an iar-bhunoideachais agus an oideachais tríú leibhéal (féach www.bitc.ie/education-programmes/) tá dhá chlár againn atá dírithe ar oideachasóirí: Léargas Tionscail do Mhúinteoirí agus Feabhas sa Bhainistíocht do Phríomhoidí.

Léargais Tionscail do Mhúinteoirí (LTM)

Is clár lánmhaoinithe d'oideachasóirí agus do threoirchomhairleoirí é ina ndéantar iniúchadh ar earnálacha gnó trí lionsa iar-bhunscoile. Bíonn suas le 20 seisiún ann in aghaidh na bliana (ar líne nó go pearsanta, a mhaireann 2 uair an chloig), agus mar chuid den chlár tugann cuideachtaí cur i láthair ar a dtionscal, a láithreacht in Éirinn, agus deiseanna gairme a bhíonn acu.

I measc na gcainteoirí áirítear ceannairí AD, printísigh, agus céimithe a roinneann léargais ar earcaíocht, róil, scileanna riachtanacha, agus eispéiris san ionad oibre. I measc na mbuaicphointí bhí céimí óg ag plé a sealaíocht sa chéad bhliain, bainisteoir straitéise sinsearach ag cur síos ar shochair fostaithe, agus ceannaire AD ar riachtanais scileanna sa todhchaí. I measc na seisiúin tá C&F, deiceanna sleamhnán, teagmhálacha gnó, agus is gnách go dtaifeadtar iad le breathnú orthu níos déanaí nó le húsáid sa seomra ranga.

Bíonn an t-aiseolas ó mhúinteoirí i gcónaí ar fheabhas, agus breathnaítear ar seisiúin LTM mar acmhainní luachmhara do chleachtais earcaíochta atá cothrom le dáta, earnálacha atá ag teacht chun cinn, printíseachtaí, agus gairmthreoir eolasach do scoláirí.

'Comhairle iontach do scoláirí amach anseo maidir le cad é air a bhfuil ráchairt agus cén fáth. Chomh maith leis sin, do scoláirí nach raibh a fhios acu cad é a ba cheart dóibh a dhéanamh tar éis na scoile. Deiseanna iontacha!'

Faigheann an tionscnamh Léargais Tionscail do Mhúinteoirí lánmhaoiniú ón Roinn Oideachais agus Óige.

I measc na gcuideachtaí a bhí le feiceáil le linn 2024-25 áirítear Údarás Aerphort Bhaile Átha Cliath, Coillte, Suir Engineering, Dalata Hotel Group, Fáilte Éireann, DHL, Uisce Éireann, Teleflex, IAPI (Institiúid na gCleachtóirí Fógraíochta in Éirinn), Dawn Meats, Tata Consultancy Services, Cook Medical agus Sky. I measc na n-ábhar a clúdaíodh sna seisiúin LTM seo, bhí printíseachtaí, na meáin agus fógraíocht, lóistíocht, innealtóireacht, fáilteachas agus turasóireacht, bia, fuinneamh agus fóntais agus feistí leighis.

An dara clár a chuirtear ar fáil d'fhoirne ceannaireachta scoile is ea Feabhas sa Bhainistíocht do Phríomhoidí (FBP) a sholáthraíonn oiliúint ó cheannaireacht cuideachta go ceannaireacht scoile i bpríomhréimsí a bhaineann leis an ról, lena n-áirítear:

- **Forbairt Ceannaireachta**: Straitéisí praiticiúla a fhoghlaim chun do stíl cheannaireachta a fheabhsú.
- **Éifeachtacht Phearsanta**: Táirgiúlacht a threisiú le teicnící coigilte ama.
- **Bainistiú Athruithe**: Léargas a fháil ar threorú go réidh trí aistrithe.
- **Bainistíocht Feidhmíochta**: Uirlisí a fháil chun measúnú éifeachtach a dhéanamh ar bhaill foirne agus cabhrú leo.
- **Réiteach Coimhlinte**: Cásanna deacra i measc na mball foirne a bhainistiú.
- **Caidreamh Poiblí, Margaíocht & Brandáil Phearsanta**: Feabhas a chur ar an gcaoi le do scoil a chur chun cinn.

Bíonn na seisiúin ar siúl thar thréimhse 1-2 uair an chloig go pearsanta agus ar líne, agus chomh maith le bheith ina n-acmhainn den scoth le hoiliúnóirí den scoth, tugann siad deis líonrú a dhéanamh le comhghleacaithe ceannaireachta scoile i scoileanna eile. Cuireadh roinnt de na seisiúin seo in oiriúint do Phríomhoidí agus do gach duine i róil cheannaireachta agus i bpoist freagrachta (PC1 agus PC2) agus tá Príomhoidí agus Leas-Phríomhoidí bunscoile san áireamh. Maoinítear an clár seo go carthanach ag Cornmarket Financial Services Ireland.

'An-dearfach, tacúil, praiticiúil, ábhartha. In atmaisféar an-suaimhneach agus bhraithfeá go raibh sé sábháilte tuairimí a roinnt.'

'Is dóigh liom go bhfaightear beagán eolais uathu i gcónaí is féidir a thabhairt ar ais chuig suíomh scoile. Táimid go léir ag déileáil le daoine agus ag iarraidh a ndícheall a mhealladh as daoine – is cuma más san oideachas nó sa ghnó a bhíonn tú.'

Cuirtear an dá chlár seo ar fáil ar fud na hÉireann agus tá siad oscailte do gach scoil, saor in aisce. Le bheith curtha leis an liosta seoltaí do na seisiúin seo, seol ríomhphost chuig edteam@bitc.ie nó féach ar ár suíomh gréasáin www.bitc.ie

I gcláir oideachais eile BITCI déantar péireáil idir deonaigh chorparáideacha agus scoláirí DEIS chun ionchais ghairme a fheabhsú do scoláirí agus eispéireas fiúntach rannpháirtíochta fostaithe a thabhairt do dheonaigh.

Saol na hOibre - Léargas tionscail a sholáthar do scoláirí 2ú bliain (ar fud na tíre).
Clár Meantóireachta Scoláire - Clár meantóireachta péireáilte do scoláirí iar-bhunscoile na Sraithe Sinsearaí.
P-TECH (Pathways in Technology Early College High School) - Tá an tsamhail seo uathúil in Éirinn agus cuirtear cuid mhór de chlár na sraithe sinsearaí i gcrích i rith na hIdirbhliana, lena n-áirítear socrúchán taithí oibre in éineacht le deonaigh chorparáideacha agus roinnt tionscadal a bhaineann le foghlaim ó thaithí agus tascanna praiticiúla a bhaineann leis an obair.
Am chun FÁS – Clár Socrúchán Oibre na hIdirbhliana a sholáthraíonn 100 socrúchán oibre do scoláirí ó scoileanna DEIS i mBaile Átha Cliath.
Clár Socrúchán Oibre Samhraidh – ina gcuirtear Socrúchán Oibre Samhraidh (SOS) iarscoile Intéirneachta igcuideachtaí seirbhísí airgeadais ar feadh 6-8 seachtaine ar fáil do scoláirí i Scoileanna Lárchathracha i mBaile Átha Cliath Thoir Thuaidh.

Mar threoirchomhairleoirí is minic a bhíonn muid ag obair chun cabhrú ní hamháin leis an duine óg ach chun cabhrú le teaghlaigh trína dtreorú a fhad le tacaíochtaí. Seo a leanas cláir eile trí Ghnó sa Phobal a d'osclódh deiseanna do theaghlaigh.

Cuireann Cláir Fostaíochta Ghnó i bPobal na hÉireann (BITCI) ar chumas cuideachtaí tacú le scileanna cuardaitheoirí poist a mbíonn deacrachtaí acu teacht ar phost agus leas a bhaint astu. I measc na ngrúpaí a n-oibrímid leo áirítear dídeanaithe, iarrthóirí tearmainn, imircigh leochaileacha, daoine faoi mhíchumas agus le fadhbanna sláinte, mná atá ag filleadh ar an obair agus baill den Lucht Siúil. Téann na cláir seo i gcomhpháirtíocht le gnólachtaí freisin agus cuireann siad deiseanna saorálaíochta corparáideacha ar fáil, mar shampla agallaimh bhréige a dhéanamh, oiliúint agus léargas tionscail a roinnt.

Cuidíonn **EPIC** le hiarrthóirí tearmainn, dídeanaithe agus imircigh dhífhostaithe atá ullamh i gcomhair post agus atá ina gcónaí in Éirinn cur lena seansanna post a aimsiú trí oiliúint ar líne, tacaíocht aonair agus comhpháirtíocht le gnólachtaí. Is clár 6 seachtaine ar líne saor in aisce é EPIC atá dírithe ar fhorbairt gairme agus ar imeascadh.

Cabhraíonn **EmployAbility** le cuardaitheoirí poist a bhfuil mhíchumais, gortuithe agus dúshláin sláinte acu fostaíocht a aimsiú bunaithe ar a láidreachtaí agus ar a gcuid ábhar spéise. Oibríonn Gnó i bPobal na hÉireann le fostóirí chun an rath a uasmhéadú nuair a bhíonn cuardaitheoirí poist ag lorg oibre. Cuireann BITCI Seirbhís Infhostaitheachta ar fáil do Bhaile Átha Cliath Thuaidh agus do Bhaile Átha Cliath Thiar. Trí Chóitseálaí Poist tiomnaithe a bheith agat, cuireann BITCI seirbhís phearsantaithe SAOR IN AISCE ar fáil agus gabhann orthu féin a bheith ag obair leat ar feadh oiread le bliain amháin.

Cabhraíonn an **Clár Fostaíochta don Lucht Siúil** le baill de phobal an Lucht Siúil in Éirinn fostaíocht fhiúntach a fháil agus a choinneáil. Cuireann Gnó i bPobal na hÉireann (BITCI) cur chuige solúbtha agus tacúil ar fáil, múnlaithe ag spriocanna agus ag cúinsí na rannpháirtithe aonair.
Is féidir leis an gclár saincheaptha seo cabhrú le rannpháirtithe a bpleananna gairme a aithint agus spriocanna fostaíochta a bhaint amach trí chóitseáil duine le duine agus tacaíochtaí fostaíochta.

Cabhraíonn an clár **Women@Work** le mná fostaíocht atá inbhuanaithe a aimsiú, ag díriú ar spriocanna gairme fadtéarmacha. Is é an aidhm atá leis cabhrú le mná atá dífhostaithe le tamall nó atá tar éis athlonnú go hÉirinn. Oibríonn BITCI le rannpháirtithe chun a spriocanna sa todhchaí agus a bpríomhláidreachtaí a aithint trí chóitseáil duine le duine, agus cuireann ár gcomhpháirtithe gnó ceardlanna meantóireachta agus gairme ar fáil. Gné uathúil den chlár ar líne seo é comhpháirtíochtaí BITCI le gnólachtaí. Cuirtear oiliúint ar fáil trí shraith ceardlann a bhíonn faoi stiúir gnólachtaí, a thugann léargas ar shaol na hoibre agus deis do chlinicí gairme le lucht gnó.

Cabhraíonn an **clár WorkAbility** le haistriú daoine óga faoi mhíchumas isteach san ionad oibre. Trí mhúnla comhpháirtíochta le scoileanna, fostóirí agus pobal, méadaíonn an clár ullmhacht chun fostaíochta na rannpháirtithe, éascaíonn sé torthaí fostaíochta inbhuanaithe agus forbraíonn sé ionaid oibre níos cuimsithí.

BUSINESS IN THE COMMUNITY IRELAND

Intleacht Shaorga i Scoileanna

Míniúchán ar Intleacht Shaorga. Cad é an rud é Intleacht Shaorga?

Ceann de na chéad dúshláin do mhúinteoirí an tuiscint a fháil ar a bhfuil i gceist againn nuair a bhíonn muid ag caint ar IS agus téarmaí a úsáidtear go minic amhail córais moltaí agus IS giniúnach. San Aoi-alt seo leis an Dr. Robert Ross, OT Bhaile Átha Cliath, déanann sé cuid den téarmaíocht seo a shoiléiriú agus tugann breac-chuntas ar éabhlóid an IS sa saol againn le 30 bliain anuas. Ó IS i gCuardaigh Idirlín agus moltaí táirgí go haithint cainte agus feithiclí uathrialacha, tugann an t-alt seo tuiscint leathan ar thionchar IS ar ár saol. Léigh níos mó.

IS do Scoileanna – Cúrsa Nua ar Líne Theicneolaíocht san Oideachas Oide

Seoladh an cúrsa tosaigh seo ar líne i mí na Bealtaine, 2024, agus tugann sé tuiscint ar IS do mhúinteoirí agus do cheannairí scoile. Déanann sé iniúchadh ar na ceisteanna do scoileanna maidir le húsáid IS chun críocha oideachais, lena n-áirítear na buntáistí, na teorainneacha agus na cúinsí eiticiúla a bheadh ann.

Samplaí d;úsáidí reatha IS a fheictear in iar-bhunscoileanna, curtha ar fáil ag Shelly Nerney, Ceannaire Sinsearach Foireann Teicneolaíochtaí Digiteacha - Iar-bhunscoileanna, Oide.



5 rud a mholaimid maidir le húsáid IS i scoileanna



Faoi Rialachán Ginearálta Cosaint Sonraí (RGCS) an AE, tá Aois Dhigiteach an Toilithe socraithe ag Éirinn ag 16 bliana d'aois. Is í seo an aois ag ar féidir le paistí toiliú go dlíthiúil le cuideachtaí/eagraíochtaí a gcuid sonraí pearsanta nó faisnéise a phróiseáil. I gcás páistí faoi bhun 16 bliana d'aois, ní mór do thuismitheoir nó do chaomhnóir an pháiste toiliú a thabhairt.



Creat RIST chun IS a Chur i bhFeidhm sa Teagasc. Acmhainn phraiticiúil a dearadh chun cabhrú le hoideachasóirí leideanna soiléire, éifeachtacha a chruthú chun idirghníomhú le huirlisí IS Giniúnach.



Seo roinnt breithnithe tábhachtacha sula dtabharfar aip nó teicneolaíocht nua isteach sa seomra ranga: https://www.webwise.ie/ga/trend/ceisteanna-a-bhaineann-le-huirlis-aip-dhigiteach-a-thabhairt-isteach-sa-seomra-ranga/.

Treoirlínte Eiticiúla d'Oideachasóirí maidir le hÚsáid IS agus Sonraí sa Teagasc agus san Fhoghlaim https://op.europa.eu/en/publication-detail/-/publication/d81a0d54-5348-11ed-92ed-01aa75ed71a1/language-en

Teicneolaíocht san Oideachas Oide tá baint aige le réimse tionscadal agus tionscnamh foghlaim dhigiteach. Cé go ndíríonn cuid mhór de ghníomhaíocht an tionscadail ar bhainistiú thairseach na Roinne Oideachais agus Óige do scoileanna (Scoilnet) agus ar a chlár idirlín níos sábháilte (Webwise), is iad atá i gceannas freisin ar réimse tionscadail phraiticiúla agus nuálacha foghlaim dhigiteach, ag cabhrú le scoileanna agus le múinteoirí rannpháirteacha, go pearsanta agus ar líne araon. Cuireann siad réimse leathan deiseanna foghlaim ghairmiúil ar fáil do mhúinteoirí freisin trína gcúrsaí ar líne, físeáin dea-chleachtais, seimineáir ghréasáin, acmhainní foghlama ar líne agus cúrsaí in Ionaid Oideachais. Cuireann Ceannairí Foghlaim Ghairmiúil Theicneolaíochtaí Digiteacha Oide tacaíocht scoile shaincheaptha ar fáil. Tá Teicneolaíocht san Oideachas Oide ina príomhpháirtí freisin i dtionscadail nuálacha Eorpacha maidir le foghlaim dhigiteach.

Cé go bhfuil go leor uirlisí IS ann, is intreoir an-simplí é seo a leanas maidir le ChatGPT a úsáid do Threoirchomhairleoirí nach bhfuil a lán taithí acu ar an uirlis seo ag úsáid Chreat RIST

RASE = Ról - Iarr - Sonrach - Triail
Úsáid an modh 4 chéim seo chun leideanna níos fearr a scríobh agus torthaí níos fearr a fháil ó ChatGPT nó aon uirlis IS Giniúnach.

Céim 1: R = Ról
Inis don IS cé a ba chóir a bheith inti agus tabhair comhthéacs.
An rud le déanamh:
- Tabhar an cúlra.
- Sann ról don IS atá ag teacht lena bhfuil de dhíth ort.

Leid Shamplach:
"Is Treoirchomhairleoir thú atá ag obair in Iar-bhunscoil Éireannach. Tá tú ag cabhrú le scoláirí 6ú bliain a gcuid roghanna iarscoile a thuiscint."

Céim 2: I = Iarr
Luaigh go soiléir an tasc a theastaíonn uait í a dhéanamh.
An rud le déanamh:
- Tabhair treoir dhíreach nó cuir ceist shoiléir.
- Dírigh ar thasc amháin ag an am (is féidir tógáil air níos déanaí i gcónaí).

Leid Shamplach (ar lean):
"Cruthaigh bileog achomair a mhíníonn na difríochtaí idir printíseachtaí, Oiliúint Bhreisoideachais, agus cúrsaí in Institiúid Ardoideachais."

Céim 3: S = Sonrach
Tabhair sonraí faoi na rudaí a theastaíonn uait.
An rud le déanamh:
Cuir isteach formáid, ton, lucht léite, líon focal, srl.
Cuidíonn sé sin leis an IS an rud díreach a theastaíonn uait a thabhairt duit.
Leid Shamplach (ar lean):
"Bíodh sé intuigthe ag scoláire, úsáid teanga shimplí, agus coinnigh faoi bhun 300 focal é. Cuir i láthair é i bpointí urchair."

Leid Bhónais:
Sábháil Leideanna Maithe!
Coinnigh doiciméad nó fillteán comhroinnte de na leideanna is fearr atá agat ionas gur féidir leat iad a athúsáid nó a oiriúnú níos déanaí.

Céim 4: T = Triail
Bain triail as modhanna éagsúla, déan an leid a bheachtú, agus déan athbhreithniú ar na torthaí.
An rud le déanamh:
- Cuir ceisteanna leantacha: "An féidir leat é sin a shimpliú tuilleadh?", "Cad é atá in easnamh?"
- Bain triail as le lionsaí éagsúla: "Anois athscríobh é sin do thuismitheoirí" nó "Déan níos físiúla é."
- Seiceáil cruinneas agus ábharthacht i gcónaí, go háirithe d'oideachas na hÉireann.

Leideanna Leantacha:
- "Cuir isteach ceist ghearr mhachnaimh do na scoláirí le freagairt tar éis dóibh í a léamh."
- "Anois cruthaigh gníomhaíocht mheaitseála don seomra ranga chun cabhrú le scoláirí na trí rogha a chur i gcomparáid."

Breithnithe Tábhachtacha
Déan athbhreithniú ar ábhar IS Giniúnach i gcónaí le haghaidh cruinnis, claontachta agus oiriúnachta do chomhthéacs na hÉireann.
Seachain sonraí íogaire scoláirí a iontráil in aon uirlis IS Giniúnach.
Déan tagairt do pholasaithe digiteacha scoile/BOO agus treoirlínte CNCM/ROÓ.

TCPID
TRINITY CENTRE FOR PEOPLE WITH INTELLECTUAL DISABILITIES
Ionad na Tríonóide do Dhaoine le Míchumair Intleachta
Learning without Limits
For an inclusive society
School of Education, Trinity College Dublin

CONAIR CHUN CUIMSITHEACHTA:
An Clár Ealaíon, Eolaíochta agus Cleachtas Cuimsitheach Feidhmeach (ASIAP) ag TCPID, Scoil an Oideachais,
Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath.

Is tréimhse ríthábhachtach é an t-aistriú ón óige go dtí an aosacht, go háirithe do dhaoine faoi mhíchumas intleachtúil a bhfuil dúshláin uathúla acu go minic rochtain a fháil ar bhreisoideachas, oiliúint agus fostaíocht fhiúntach. Ag Ionad na Tríonóide do Dhaoine faoi Mhíchumas Intleachtúil (TCPID), creidimid go bhfuil oideachas cuimsitheach agus tacaíocht shaincheaptha ríthábhachtach chun scoláirí a ullmhú do thodhchaí rathúil san ardoideachas agus sa lucht saothair araon.

Tá Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, ag cur oideachas cuimsitheach chun cinn ó 2004 i leith nuair a seoladh an Teastas sa Mhaireachtáil Chomhaimseartha (TMC), atá á sheachadadh anois ag TCPID. Ag tógáil ar an mbunús sin, cuireadh tús leis an gclár Ealaíon, Eolaíochta agus Cleachtas Cuimsitheach Feidhmeach (ASIAP) in 2016, ag tairiscint deiseanna leathnaithe do scoláirí le dul i ngleic leis an ardoideachais.

Tá deis shuntasach tagtha anois: tá maoiniú faighte ag TCPID faoin tionscnamh CONAIR 4 Céim 2 – agus ní raibh ach 11 chlár náisiúnta leis sin a fháil. Is tús stairiúil é seo don Eoraip, agus is í Éire an t-aon tír amháin a chuir tionscnamh ardoideachais ar fud na tíre, maoinithe ag an rialtas i bhfeidhm do mhic léinn faoi mhíchumas intleachtúil.

Bhí an clár ASIAP, a thairgeann Teastas foirmiúil Leibhéal 5 i gColáiste na Tríonóide, lárnach sa dul chun cinn seo. Feabhsóidh agus cothóidh maoiniú CONAIR 4 Céim 2 an cosán seo, ag cabhrú le mic léinn aistriú ón oideachas chuig fostaíocht fhiúntach.
Is athrú claochlaitheach é seo san ardoideachas - bacainní a bhriseadh síos agus rochtain a leathnú. Le tacaíocht leanúnach, tabharfaidh TCPID cumhacht do mhic léinn faoi mhíchumas intleachta fás go hacadúil agus go gairmiúil, ag cinntiú go mbíonn an deis ag gach foghlaimeoir bláthú agus rath a bhaint amach.

Bacainní ar Ardoideachas a Bhriseadh
In ainneoin dul chun cinn idirnáisiúnta agus náisiúnta san oideachas cuimsitheach agus i mbeartais amhail an tAcht EPSEN (2004) agus CRPD na Náisiún Aontaithe (2007), tá bacainní suntasacha fós ar dhaoine faoi mhíchumas intleachtúil maidir le rochtain a fháil ar dheiseanna ardoideachais agus fostaíochta. Léiríonn staitisticí go bhfuil siad fós ar an ngrúpa is mó faoi ghannionadaíocht san earnáil ardoideachais agus go bhfuil rátaí dífhostaíochta i bhfad níos airde ina measc ná atá sa daonra i gcoitinne. Ag an am céanna, tá rochtain ar bhreisoideachas agus ar ardoideachas fós ina bhealach ríthábhachtach chun timthriall na bochtaineachta a bhriseadh agus ionchais fhadtéarmacha a fheabhsú.

Ag TCPID, is é an misean againn oideachas cuimsitheach, cothrom a sholáthar do mhic léinn faoi mhíchumas intleachtúil. Comhcheanglaíonn an clár Ealaíon, Eolaíochta agus Cleachtas Feidhmeach Cuimsitheach (ASIAP) foghlaim láidir acadúil le scileanna praiticiúla agus taithí sa saol mar atá, rud a thugann cumhacht do mhic léinn a lánacmhainneacht a bhaint amach agus ullmhú do ghairmeacha fiúntacha agus do shaol ina mbeidh a sásamh le fáil.
Tá sé mar aidhm againn go mbainfidh ár gcéimithe taitneamh as na deiseanna céanna lena gcomhghleacaithe i gColáiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, lena n-áirítear rochtain ar bhreisoideachas, fostaíocht luachmhar, agus ionchuir ghníomhacha ina gcomhphobal. Treoraíonn an fhís seo gach rud a dhéanaimid ag TCPID agus múnlaíonn sé gach gné de chlár ASIAP.

Cén rud é ASIAP?

Is bealach oideachais lánaimseartha nuálach, dhá bhliain é an clár Ealaíon, Eolaíochta agus Cleachtas Cuimsitheach Feidhmeach (ASIAP) do mhic léinn faoi mhíchumas intleachtúil, atá creidiúnaithe ag Leibhéal 5 ag Comhairle Ollscoile Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath. Comhcheanglaíonn an curaclam déine acadúil le cur i bhfeidhm praiticiúil ón bhfíorshaol, ag cinntiú go bhfaigheann mic léinn na scileanna is gá chun bláthú san ardoideachas agus sa domhan gairmiúil. Cuireann an clár oideachas cothrom ar fáil a chothaíonn réimse éagsúil scileanna ar fud na n-ealaíon agus na n-eolaíochtaí, agus leagann sé béim ar phríomhréimsí forbairt phearsanta, neamhspleáchais agus rannpháirtíocht shóisialta.

Dearadh é chun freastal ar riachtanais uathúla scoláirí faoi mhíchumas intleachtúil, cuireann an clár ASIAP ar chumas foghlaimeoirí a lánacmhainneacht a bhaint amach. Tá an curaclam struchtúrtha timpeall ar chúig théama idirdhisciplíneacha:

Abhcóideacht, Cearta agus Cultúr	Eolaíocht Fheidhmeach, Teicneolaíocht, agus Matamaitic	Gnó agus Margaíocht	Na Mínealaíona agus na Teangacha	Teoiric agus Cleachtas Foghlama
• Foghlaimíonn mic léinn faoina gcearta. • Foghlaimíonn siad na scileanna a theastaíonn chun abhcóideacht a dhéanamh ar son a gceart agus cearta daoine eile.	• Foghlaimíonn mic léinn faoi eolaíocht, matamaitic agus sláinte. • Tá fócas ar an gcaoi ar féidir leo an t-eolas sin a úsáid sa saol lasmuigh den choláiste.	• Foghlaimíonn mic léinn faoi straitéisí margaíochta agus conas ullmhú do shaol na hoibre. • Rinne siad socrúchán oibre freisin.	• Foghlaimíonn mic léinn faoi theangacha, ealaín, stair agus filíocht. • Forbraíonn siad scileanna chun iad féin a chur in iúl.	• Foghlaimíonn mic léinn faoi scileanna foghlama difriúla agus conas is féidir leo iad a úsáid sa choláiste. • Bíonn grúpaí teiripe saothair agus cruinnithe aonair acu freisin.

Measann gach téama i gclár ASIAP ábhair acadúla le modúil phraiticiúla - mar shampla Staidéar Scannán, na hEalaíona Léirithe, Filíocht, Teicneolaíocht Faisnéise, agus Fiontraíocht agus Míchumas - ag cur eolas leathan agus scileanna saoil riachtanacha ar fáil do mhic léinn le haghaidh maireachtáil ghairmiúil agus neamhspleách.

Déanann mic léinn socrúcháin oibre freisin, ag fáil taithí phraiticiúil, ag tógáil líonraí, agus ag forbairt muinín don ionad oibre. Le tacaíocht ónár gcomhpháirtithe gnó, faigheann go leor céimithe intéirneachtaí íoctha, cuid acu mar thoradh ar róil bhuana nó conarthaí leanúnacha.

Des Aston
Oifigeach For-rochtana Ionad na Tríonóide do Dhaoine faoi Mhíchumas Intleachta
Scoil an Oideachais
Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath

astond@tcd.ie
www.tcd.ie/tcpid

Conas Iarratas a dhéanamh

Má tá suim agat nó ag duine éigin a bhfuil aithne agat orthu iarratas a dhéanamh ar chlár ASIAP, molaimid duit cuairt a thabhairt ar an suíomh gréasáin againn chun tuilleadh eolais a fháil faoin bpróiseas iarratais. Ba bhreá linn cloisteáil ó dhaoine aonair atá paiseanta faoi ardoideachas a shaothrú agus gairm fhiúntach a chruthú dóibh féin.

Chun tuilleadh eolais a fháil agus iarratas a dhéanamh, tabhair cuairt ar: TCPID – Conas iarratas a dhéanamh: https://www.tcd.ie/tcpid/courses/how-to-apply/

Tabhair faoi deara go bhfuil an t-alt iomlán agus leathnaithe seo ar fáil ar ár Padlet Chuimsiú i dTreoir Oide.

Deis duit

Anois go bhfuil na laethanta saoire scoile tosaithe, ba mhaith linn aitheantas a thabhairt don uchtach, fuinneamh agus cúram a thug sibh do bhur gcuid oibre i rith na bliana. Fiú amháin sa chuid ghnóthach dheiridh, lean sibh oraibh ag siúl in éineacht le scoláirí agus iad ag iniúchadh a gcosán agus a bhféidearthachtaí.

De réir mar a thosaíonn sibh ag moilliú anois, tugaimid cuireadh daoibh deis shuaimhneach a thógáil chun athcheangal libh féin – leis na luachanna agus leis an gcuspóir a spreag sibh ar dtús chun an ról seo a ghlacadh. Seo dhá chleachtas shimplí chun cabhrú le bhur bhfolláine agus le bhur machnamh:

Gníomhaíocht Fódaithe Dhá Nóiméad

• Suigh go compordach, agus do chosa cothrom ar an urlár. Dún do shúile más mian leat.
• Tóg anáil mhall, análaigh isteach go domhain le haghaidh cheithre shoicind..
• Coinnigh ar feadh ceithre shoicind...
• Easanálaigh go mall ar feadh sé shoicind.
• Déan é sin arís ar feadh dhá nóiméad.

Agus tú ag análú, cuimhnigh ar uair - is cuma cé chomh beag - nuair a rinne tú difríocht do scoláire. Lig duit féin tionchar ciúin an nóiméid sin a mhothú.

Leid don Dialann Athmhachnaimh

Cad é luach amháin a rinne mo threorú isteach san obair seo - agus conas a léiríodh é i mo chleachtas an téarma seo?
Scríobh ar do shuaimhneas ar feadh cúig nóiméad. Ní gá snas a chur air - ach lig do chuid smaointe sreabhadh.

Déanann tú difríocht - gach comhrá, gach gníomh spreagtha, gach nóiméad ciúin éisteachta. Tá do láithreacht stuama tábhachtach, ní hamháin do scoláirí, ach do phobal iomlán na scoile.

Guímid gach rath ar na Treoirchomhairleoirí agus ar na Foirne Treorach don Scoil Uile. Go raibh am agaibh scíth a ligean sna seachtainí amach romhainn, machnamh agus athnuachan a dhéanamh don obair ríthábhachtach a bhíonn sibh a dhéanamh ar bhonn leanúnach.

Le mórmheas,
Fhoireann Treorach Oide
Éidín Gallagher, Joanne Parry, Sinéad Duffy, and Marie Cumiskey